# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/907 ÓN gCOIMISIÚN

## an 3 Bealtaine 2023

## lena gceartaítear an leagan Fraincise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1412 maidir le bláthola ylang ylang as *Cananga odorata* (Lam) Hook f. & Thomson a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Fraincise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1412 ón gCoimisiún ([2]), tá earráid in Airteagal 2(3) a athraíonn brí na forála.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Fraincise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1412 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(3) Ós rud é go raibh an earráid ann ó theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1412 agus go mbainfidh oibreoirí tairbhe as ceartú na hearráide ba chúis le héiginnteacht dhlíthiúil, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1412 a cheartú ó dháta a theacht i bhfeidhm.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán Cur Chun Feidhme seo i gcomhréir leis na tuairimí ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, arna dtabhairt an 15 Nollaig 2022,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge.)*

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 11 Meán Fómhair 2022.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1412 ón gCoimisiún an 19 Lúnasa 2022 maidir le bláthola ylang ylang as *Cananga odorata* (Lam) Hook f. & Thomson a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 217, 22.8.2022, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Bealtaine 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN